

Malala Yousafzai - Freagraí Gníomhaíochta

1. An Phacastáin
2. Uisce úr, aer glan agus bia sláintiúil
3. Éagothroime, fíorbhochtaineacht agus ár bplainéad a chosaint
4. Ná cuir bia, uisce nó leictreachas amú; tabhair tacaíocht do na daoine nach gcaitear go cóir leo; léirigh meas ar cearta daonna gach duine; aire a thabhairt don phláinéid agus dá chéile; ár n-acmhainní a roinnt ar bhealach cóir agus inbhuanaithe.

Buneolas ar Malala Yousafzai

Rugadh Malala Yousafzai i Mingora, i nGleann Swat sa Phacastáin sa bhliain 1997. Áit mhór turasóireachta a bhí i nGleann Swat go dtí go ndearna an Taliban (grúpa míleatach Ioslamach) iarracht smacht a fháil ar an áit. D'fhreastail Malala ar scoil a bhí á reáchtáil ag a hathair féin, Ziauddin Yousafzai. Nuair a thosaigh an Taliban ag déanamh ionsaithe ar scoileanna cailíní, rinne Malala óráid in Peshawar sa Phacastáin i mí Mheán Fómhair 2008. "Cén ceart atá ag an Taliban mo bhuncheart féin ar oideachas a shárú?"

Lean Malala uirthi de bheith ag labhairt amach faoin gceart atá aici féin agus ag gach bean ar oideachas a fháil. Sa bhliain 2012, scaoileadh Malala le gunna i ndiaidh gur bhagair an Taliban í. Fuair sí cóir leighis agus d'aistrigh sí go dtí an Ríocht Aontaithe, áit ar thosaigh sí ag dul ar scoil i mí an Mhárta 2013. In 2014, bronnadh Duais Síochána Nobel ar Malala agus dheonaigh sí an \$50,000 a fuair sí mar chúnamh chun caoga scoil i nGáza a atógáil. Bhain Malala céim amach ó Ollscoil Oxford ar na mallaibh agus tá sí ag tacú le hoideachas do chailíní i gcónaí trína carthanacht, Ciste Malala.

